Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland

Straitéis 2016-2021

Léarscáil na hEorpa le Abraham Ortelius, Theatrum orbis terrarum (Antuairp, 1592).

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Straitéis 2016-2021

Brollach ón gCathaoirleach

Cuid dhílis thábhachtach de Stát na hÉireann is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá sí lárnach dár náisiúntacht agus, tríd is tríd, is le muintir na hÉireann í. Is iontach an raon seirbhísí a sholáthraíonn an Leabharlann Náisiúnta, go háirithe nuair a chuimhnítear go bhfuil an Leabharlann, cosúil leis na forais chultúir eile, ag teacht anois as tréimhse ina raibh sí faoi réir diansrian airgeadais.

Tá sé de phribhléid agam an straitéis 2016-2021 a chur i láthair don fhoras uasal seo. Is straitéis uaillmhianach í. Tá sé de thoradh ar phróiseas leathan comhairliúcháin a raibh an lucht bainistíochta agus an fhoireann páirteach ann faoi choimirce fhís fhoriomlán an Bhoird. Táim buíoch den obair fhairsing dhícheallach a rinne na comhaltaí den Bhord agus iad ag forbairt na straitéise seo agus tá muinín agam go gcuirfidh an Leabharlann Náisiúnta leis na mórchuspóirí náisiúnta cultúir atá ag an Rialtas dá barr.

Cé go leagtar spriocanna soiléire amach sa straitéis 2016-2021, ba mhaith liom aird a tharraingt ar roinnt sainche-isteanna a chreidim a bheith tábhachtach dá baint amach.

Tá sé de dhualgas orainne luach na Leabharlainne Náisiúnta a chur in iúl do mhuintir na hÉireann agus don mhórdhiaspóra ar mhaithe lenár bhféiniúlacht chultúrtha a shaibhriú.

Tá gné eacnamaíoch ann d'argóint na Leabharlainne ar son tacaíochta, idir thacaíocht airgeadais agus thacaíocht neamhairgeadais, ón Rialtas freisin. Áirítear léi an gealltanas uainn go ndéanfaimid rannchuidiú maidir leis an turasóireacht chultúrtha in Éirinn agus go gcuirfimid turasóireacht den chineál sin chun cinn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Rialtas as an gcistiú caipitil atá geallta aige chun ár bpríomhfhoirgneamh leabharlainne a athfhorbairt, obair a chuirfear i gcrích le linn thréimhse na straitéise seo.

Beidh cistiú ón Rialtas fós ina phríomhthoisc taobh thiar den straitéis seo a bhaint amach. Ar mhaithe leis an Leabharlann a chumasú an sainordú atá aici a chomhlíonadh, iarraimid go gcuirfear cistiú ar ais go dtí na leibhéil a chonacthas roimhe seo de réir mar a thagann feabhas ar airgeadas an Rialtais. Aithnímid teorainneacha an chistiúcháin lárnaigh maidir lenár n-uaillmhianta a bhaint amach, áfach. Ar mhaithe lenár mór-uaillmhianta a bhaint amach, mar sin, féachann gné ar leith den straitéis seo le hinfheistíocht a chur chun cinn go gníomhach ó fhoinsí daonchairdiúla agus tráchtála d'fhonn cur leis an gcroíchistiú atá againn.

Sócmhainn thábhachtach de chuid na Leabharlainne is ea a foireann agus an saineolas agus na scileanna atá acu. Mar an gcéanna, aithním an tacaíocht thábhachtach a chuireann an Bord ar fáil don lucht ceannaireachta feidhmiúcháin agus don fhoireann araon.

Cathaoirleach

Brollach ón Stiúrthóir

Am corraitheach chun obair a dhéanamh i leabharlann is ea seo. Cé go mbímid ag forbairt agus ag éabhlóidiú i gcónaí, ní dhéanaimid dearmad ar an éiteas bunúsach atá againn – is é sin, eolas a bhailiú, a chaomhnú agus a chomhroinnt. Trí mhéadú a dhéanamh ar ionchais úsáideoirí agus ar theicneolaíochtaí digiteacha, bímid in ann dul i gcion ar phobail ar fud an domhain nach rabhamar in ann dul i gcion orthu roimhe seo. Mar sin féin, is gá an deis a thapú i gceart – agus rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh maidir le daonlathú oscailte an eolais do gach duine – agus tá an méid sin i gcroílár gach a ndéanaimid i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Bíonn ról speisialta le himirt ag an Leabharlann Náisiúnta i sochaí, i gcultúr agus i bhfoghlaim na hÉireann; tugaimid aire do na bailiúcháin náisiúnta agus sealbhaímid ar iontaobhas iad do mhuintir na hÉireann. Agus é de dhualgas orainn cuimhne na hÉireann a chaomhnú, bíonn ról lárnach le himirt againn i gcuimhneamh ar an am atá thart agus i dtaifead ar an am i láthair a ghabháil don ghlúin reatha agus do ghlúnta amach anseo, is cuma cén áit ar domhan a bhfuil siad. Cé go mbíonn an domhan ag éirí níos idirnasctha i gcónaí, is féidir lenár mbraistint féiniúlachta a bheith ina bunsraith dhomhain bhuan amach anseo. I mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta, is féidir ár n-oidhreacht chultúrtha uathúil agus bheo a aimsiú agus a iniúchadh.

Tá muinín agam gur leagamar na tosaíochtaí cearta síos don Leabharlann Náisiúnta le haghaidh théarma cúig bliana na straitéise seo. Cé go bhfuil na tosaíochtaí sin uaillmhianach agus dúshlánach, creidim go bhfuilimid dea-ábalta iad a chomhlíonadh, agus leas á bhaint againn as láidreachtaí ár bhfoirne, as áilleacht agus as saibhreas na mbailiúchán náisiúnta, agus as na traidisiúin fhada atá againn ó thaobh fáilte agus rannpháirtíoch-ta de. Is ábhar bróid dom iad luachanna na heagraíochta mar atá leagtha amach sa doiciméad seo; tháinig siad chun cinn go nádúrtha as comhrá beoga lenár bhfoireann agus lenár n-úsáideoirí agus creidim gur cuid d'fhíorchreatlach na Leabharlainne Náisiúnta iad.

Táim an-bhuíoch den Bhord agus den fhoireann as an tiomantas atá acu don Leabharlann Náisiúnta agus don obair a rinne siad chun an straitéis seo don tréimhse 2016-2021 a fhorbairt. Táim buíoch freisin as an tacaíocht agus as an urraíocht a fuarthas ó Rialtas na hÉireann agus as sárfhlaithiúlacht an iomad bronntóirí atá againn.

Is mór an phribhléid dom an Leabharlann Náisiúnta a stiúradh sa tréimhse seo agus táim an-mhuiníneach faoinar féidir linn a bhaint amach le chéile. Is aistear corraitheach é seo don Leabharlann Náisiúnta agus don phobal méadaitheach úsáideoirí atá againn anseo in Éirinn agus ar fud an domhain araon.

Stiúrthóir

Sapientia (eagna), mionghné den mhósáic urlár i halla an bhealaigh isteach.

Forbhreathnú

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an leabharlann taifid d'Éirinn. Is buan atá ár mbailiúcháin agus bíonn siad ar fáil do chách. Cuireadh an Leabharlann ar bun sa bhliain 1877 agus is é an misean atá aici an t-ábhar ar cuid d'oidhreacht liteartha agus dhoiciméadach na hÉireann é a bhailiú, a chosaint agus a chomhroinnt, is cuma cén fhoirm ina bhfuil an t-ábhar sin. Is thar ceann an Stáit agus ar son mhuintir na hÉireann a chuirimid an obair sin i gcrích, obair lena ngabhann pribhléid mhór agus freagracht bhuan.

Cé gur seasta atá an misean, bíonn an timpeallacht ina n-oibrímid ag athrú i gcónaí. Sa ré dhigiteach seo, is féidir eolas nua a chruthú i bhfoirm dhigiteach agus é a sholáthar ar líne amháin. A bhuí le hathruithe tapa sa teicneolaíocht dhigiteach agus sa rochtain ar líne, beimid in ann an t-eolas a dhaonlathú roimh i bhfad. Is féidir leis an digitiú rochtain dhomhanda a chumasú ar fhaisnéis ar ardchaighdeán. Cé nach gcuirtear le cóipeanna digiteacha deireadh leis an bhfonn atá ar dhaoine teacht i dteagmháil go fisiciúil leis an oibiacht féin, bítear in ann an oibiacht bhunaidh a chaomhnú agus cineálacha eile rannpháirtíochta a thairiscint dá mbarr. Is iad bailiúcháin dhigitithe agus dhigitghinte na freagrachtaí nua atá ar leabharlanna ar fud an domhain.

Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta in Éirinn, tá laghdú tagtha ar na buiséid agus ar na hacmhainní atá ar fáil d'fhorais chultúir. Tá athléimneacht agus misneach léirithe ag an Leabharlann Náisiúnta le cúig bliana anuas agus táimid ag féachaint anois ar an gcéad chúig bliana eile mar dheis chun "an Leabharlann Náisiúnta a athshamhlú" trínár spásanna fisiciúla, trínár seirbhísí, trínár mbailiúcháin athraitheacha agus trínár bpobal méadaitheach úsáideoirí. Mar gheall ar athfhorbairt ár bpríomhfhoirgnimh leabharlainne, ar chomhthionscadail mhóra amhail Taispeántas Shéamus Heaney i mBanc na hÉireann, Faiche an Choláiste (Tithe na Parlaiminte roimhe seo) agus ar an gcomhpháirtíocht atá againn leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, le haghaidh Ionad Ulysses, is amhlaidh go dtiocfaidh eispéiris nua, seirbhísí nua agus úsáideoirí nua chun cinn.

Méadaítear an bailiúchán náisiúnta gach bliain de bharr bronntanas, ceannachán agus taisce dhlíthiúil. Ba mhaith linn feasacht an phobail agus an lucht léinn a mhéadú ar na bailiúcháin uathúla éagsúla atá againn sa Leabharlann Náisiúnta, idir thaiscí faoi cheilt agus acmhainní nuadhigitithe lena ngabhtar ár gcuimhne aonair agus chomhchoiteann. Leantar ar aghaidh lenár mbailiúcháin dhigiteacha a mhéadú freisin. Tá níos mó ná 100,000 oibiacht dhigitithe inrochtana go hoscailte anois trínár gcatalóg ar líne agus trínár gcartlann de shuíomhanna Gréasáin Éireannacha. Sa chéad chúig bliana eile, tabharfaimid aghaidh ar chineálacha eile ábhair dhigitghinte chun a chinntiú gur féidir linn taifead comhaimseartha ar Éirinn a ghabháil i ndomhan a bhíonn ag éirí níos digití an t-am ar fad.

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag cothú taighde, foghlama, díospóireachta agus éagsúlacht chultúr agus oidhreacht na hÉireann, agus ag tacú leis an méid sin ar fad, ó cuireadh ar bun í. Is é an aidhm atá lenár gclár rannpháirtíochta ná a bheith ag coinne le hionchais an iomad úsáideoirí atá againn. Táimid in ann dul i gcion ar níos mó daoine ná riamh trínár n-acmhainní ar líne, trínár seomraí léitheoireachta, trínár n-imeachtaí, trínár dtaispeántais agus trínár gcláir foghlama.

Deasca léachtóirí sa Phríomhsheomra Léitheoireachta.

Ár Misean

Cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a chur ar fáil, agus aire á tabhairt do níos mó ná deich milliún mír, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, ceol agus meáin dhigiteacha.

Ár bhFís

Scéal na hÉireann a chomhroinnt leis an domhan trínár mbailiúcháin uathúla.

Ár Luachanna

Fáilteach agus cabhrach

Táimid tiomanta d'ard-chaighdeáin seirbhíse a sholáthar dár n-úsáideoirí uile.

Oscailte, cothrom agus cuimsitheach

Is le gach duine na bailiúcháin agus comhroinnimid an t-eolas atá iontu.

Tacúil agus comhoibríoch

Creidimid i gcaidreamh láidir a chothú agus in obair a dhéanamh go dearfach lenár gcomh-pháirtithe uile.

Tosaíochtaí straitéiseacha

Mairimid i ndomhan casta a bhíonn ag athrú go tapa, áit a mbíonn tosaíochtaí in iomaíocht le chéile agus a mbíonn acmhainní teoranta ar fáil, áit a mbíonn scileanna nua agus, go deimhin, gairmeacha nua ag teastáil chun teicneolaíochtaí nua a éascú. Bíonn fás as cuimse ag teacht ar ábhar digiteach; gach nóiméad, seoltar na céadta milliún ríomhphost agus foilsítear na mílte grianghraf digiteach ar líne.

Sa chomhthéacs athraitheach sin, tá sé de fhreagracht orainn tosaíochtaí straitéiseacha atá uaillmhianach agus réadúil a leagan síos, nithe a chuirfidh barr feabhais ar na seirbhísí a sholáthraímid agus a chinnteoidh go dtabharfar aire shábháilte shaineolach don bhailiúchán náisiúnta. Agus na tosaíochtaí sin á leagan síos againn, cothromaímid riachtanais an ábhair fhisiciúil agus riachtanais an ábhair dhigitigh, agus riachtanais an phobail agus riachtanais an lucht léinn, an lucht taighde agus an lucht scríbhneoireachta. Tugaimid aird ar an gcistiú atá ar fáil dúinn, ar ár mbonneagar fisiciúil agus digiteach, ar ár mbeartas agus ar ár dtimpeallacht reachtach, ar ár saineolas agus ar ár n-inniúlachtaí, agus ar ár mbailiúcháin uathúla shaibhre.

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don tréimhse 2016 – 2021 ná bailiú, cosaint, ceangal, nuáil agus comhoibriú.

Forbróimid ár mbailiúchán náisiúnta uathúil beo

Bonn óir Dhuais Nobel de chuid WB Yeats, rud ar bhronn teaghlach Yeats é ar an NLI.

1. BAILIÚ

Is ionann sealúchas na Leabharlainne Náisiúnta agus an bailiúchán is suntasaí d'ábhar doiciméadach Eireannach ar domhan.

Is sinne an leabharlann taifid d'Éirinn. Tugadh sainordú dúinn leis an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, bailiúchán náisiúnta d'ábhar leabharlainne a bhaineann le hÉirinn a fhorbairt. Mar leabharlann taisce dlíthiúla, táimid i dteideal cóip a fháil de gach rud a fhoilsítear in Éirinn. Acmhainn iontach don léann Éireannach is ea na leabhair atá againn, agus iad stóráilte ar sheilfeanna ina bhfuil 25 km. Is féidir na nuachtáin uile as gach cearn d'Éirinn a aimsiú inár mbailiúcháin freisin.

Is thar na bearta atá Bailiúcháin Speisialta na Leabharlainne, ina bhfuil páipéir uathúla eastáit talún, páipéir pholaitíochta, léarscáileanna agus líníochtaí, agus lámhscríbhinní Gaelacha. Is minic a théitear i gcomhairle lenár gcartlanna agus lenár mbailiúcháin lámhscríbhinní chun faisnéis a fháil faoi stair na mban, faoin araltas agus faoin nginealas, faoin amharclannaíocht agus faoin gceol, agus cuimsítear inár bpáipéir liteartha saothar ó scríbhneoirí a bhfuil ardmholadh idirnáisiúnta bainte amach acu, WB Yeats, James Joyce, Edna O'Brien agus Séamus Heaney ina measc.

Tá cúig mhilliún grianghraf stóráilte sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill. Léirítear leo éagsúlacht na hÉireann ó na 1850idí suas go dtí an lá atá inniu ann, idir íomhánna de shaol na n-oidhrí dúiche, íomhánna de mhórimeachtaí spóirt, íomhánna de pharáidí Mórtais, íomhánna d'Éirí Amach na bliana 1916, agus ghrianghraif lena ndoiciméadaítear na hathruithe sóisialta agus cultúrtha atá tagtha ar an saol in Éirinn.

D'fhonn ár mbailiúchán náisiúnta uathúil beo a fhorbairt, déanfaimid na nithe seo:

- an ról atá againn mar stór nádúrtha bailiúchán lena dtaifeadtar cuimhne na hÉireann agus ár ndiaspóra a chomhlíonadh.
- cur leis an taighde a dhéantar ar ár mbailiúcháin uathúla agus le láidreachtaí oideachasúla na mbailiúchán sin.
- ár gcleachtais bhailithe a leathnú chun go n-áireofar leo cineálacha nua agus éagsúla ábhair.

Cruthóimid bonneagar sábháilte nua-aimseartha dár Leabharlann

Europa, leathanach ó Abraham Ortelius, Theatrum orbis terrarum (Antuairp, 1592) á chaomhnú.

2. COSAINT

Croífheidhm de chuid na Leabharlainne is ea aire a thabhairt dár mbailiúcháin, rud a chuireann ar ár gcumas a chinntiú go mbíonn rochtain inbhuanaithe ann ar na bailiúcháin náisiúnta.

Bíonn na nithe seo a leanas i gceist le haire a thabhairt dár mbailiúcháin: gníomhartha caomhnaithe; cóireáil caomhnaithe; caomhnú coisctheach; cóiríocht oiriúnach a sholáthar agus a chothabháil le haghaidh bailiúcháin a stóráil agus a úsáid; catalógú agus meiteashonraí; sonraí ionadacha a tháirgeadh; caomhnú digiteach; slándáil; agus pleanáil athshlánaithe ó thubaiste. I measc na mbailiúchán atá faoinár gcúram, tá plátaí fótagrafacha sobhriste gloine, lámhscríbhinní Gaelacha ón 14ú haois, bailiúchán leabhar lena gclúdaítear 25 km, agus an chartlann de shuíomhanna Gréasáin Éireannacha. Mar gheall ar a éagsúla agus a fhairsinge atá na bailiúcháin sin, agus mar gheall ar a chasta atá ár n-eastáit, bíonn caomhnú agus slándáil ina ndúshlán leanúnach dúinn. Thar an gcéad chúig bliana eile, díreoimid ar a chinntiú go gcomhlíontar lenár mbonneagar fisiciúil agus digiteach caighdeáin nua-aimseartha i dtaca le stóráil agus le húsáid bailiúchán náisiúnta agus go soláthraítear leo an t-eispéireas is fearr is féidir dár n-úsáideoirí.

Tá sé mar sprioc thábhachtach againn rochtain atá sábháilte, cuimsitheach agus cothrom a sholáthar do gach duine, ar an iomad bealaí difriúla a roghnaíonn daoine leas a bhaint as an Leabharlann. Gné riachtanach den méid sin a bhaint amach is ea an cistiú caipitil atá geallta ag an Rialtas chun ár bpríomhfhoirgneamh Victeoiriach leabharlainne a fhorbairt i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí.

D'fhonn bonneagar sábháilte nua-aimseartha a chruthú dár Leabharlann, déanfaimid na nithe seo:

- infheistíocht a bharrfheabhsú inár bhfoirgnimh.
- an bailiúchán náisiúnta a chaomhnú do ghlúnta amach anseo.
- rochtain chothrom shábháilte a sholáthar do gach duine.
- ár mbailiúcháin dhigiteacha agus fhisiciúla a chosaint.

Tabharfaimid spreagadh dár n-úsáideoirí uile, is cuma cén bealach is mian leo leas a bhaint as ár seirbhísí

Cuairteoirí ar ár dtaispeántas dar teideal 'Éire le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda: Eispéireas na hÉireann a Iniúchadh'.

3. CEANGAL

Tá an Leabharlann Náisiúnta ag ceangal daoine le scéal na hEireann le beagnach 140 bliain anuas.

Ó osclaíodh ár bpríomhfhoirgneamh leabharlainne ar Shráid Chill Dara sa bhliain 1890, tá iniúchadh déanta ag cuid mhór glúnta taighdeoirí ar na bailiúcháin atá sa seomra galánta cruinneachánach léitheoireachta, agus spreagadh faighte acu ó na bailiúcháin sin ag an am céanna. Sa lá atá inniu ann, tá seirbhísí breise stair theaghlaigh agus spásanna breise taighde againn le haghaidh bailiúcháin speisialta, agus limistéir thiomnaithe léitheoireachta againn le haghaidh lámhscríbhinní, grianghraf, priontaí agus líníochtaí. Téann ár gcuid oibre i gcion ar dhaoine lasmuigh dár bhfoirgnimh fhisiciúla freisin, toisc gur le rochtain dhigiteach a chuirtear ár mbailiúcháin taighde ar fáil ar líne do níos mó úsáideoirí ná riamh. Bhí 21.1 mhilliún cuairt ann ar ár láithreacht Ghréasáin sa bhliain 2015 amháin. Le foilsiú ar líne Chláir na bParóistí Caitliceacha – rud ar bronnadh duaiseanna ina leith – sa bhliain 2015, léiríodh an t-éileamh atá ann ar acmhainní digiteacha oscailte agus cumasaíodh dúinn freastal ar na milliúin úsáideoir ó gach cearn den domhan.

Taispeántais, imeachtaí agus gníomhaíochtaí foghlama, cabhraíonn siad linn rannpháirtíocht chuimsitheach leis na bailiúcháin atá á sealbhú ar iontaobhas againn a chur chun cinn. Taibhithe ceoil, cúrsaí oideachais aosach, taispeántas WB Yeats, mórléachtaí poiblí agus a lán rudaí eile, ceanglaímid ár bpobail uile leo ar bhealaí samhlaíocha rannpháirtíocha. Tá sé mar thosaíocht againn ár gceangail le daoine ar fud na hÉireann ar fad a mhéadú agus a neartú tuilleadh.

D'fhonn spreagadh a thabhairt dár n-úsáideoirí uile, is cuma cén bealach is mian leo leas a bhaint as ár seirbhísí, déanfaimid na nithe seo:

- a bheith inár gceann scríbe fáilteach spreagthach do gach duine.
- seirbhísí agus ceangail a fhorbairt lena dtéitear i gcion ar dhaoine ar fud na hÉireann.
- méadú a dhéanamh ar an líon cuairteanna ar ár láithreacht ar líne.
- méadú a dhéanamh ar an líon daoine a thugann cuairt ar ár bhfoirgnimh agus a oibríonn iontu.



Beimid ar thús cadhnaíochta ábhar digiteach a bhailiú agus a sholáthar

An scáileán tadhaill idirghníomhach á úsáid sa taispeántas a bhfuil dámhachtainí buaite aige dár teideal 'Yeats: Saol agus Saothar William Butler Yeats'.

4. NUÁIL

Cosúil lenár gcomhpháirtithe ar fud an domhain, bíonn an Leabharlann Náisiúnta ag déileáil leis an dúshlán a bhaineann le faisnéis a bhailiú agus a chaomhnú, agus le rochtain ar an bhfaisnéis sin a sholáthar, ar bhealaí nuálacha nua de réir mar a mhéadaítear an méid ábhair dhigitigh a bhíonn ar fáil ar ráta nach bhfacthas riamh.

Gach nóiméad, foilsítear na céadta míle tvuít agus uaslódáiltear na mílte físeán ar fud an domhain; cruthófar níos mó faisnéise i mbliana ná an méid faisnéise a cruthaíodh sa stair go dtí seo. Is é an sprioc atá againn faisnéis ar ardchaighdeán a sholáthar ar bhealach a chothaíonn iontaoibh úsáideoirí trí mhéadú a dhéanamh ar dhigitiú ár mbailiúchán agus ar ár mbailiúcháin dhigitghinte.

Lenár mbailiúchán cartlainne Gréasáin, caomhnaítear an t-ábhar atá ar fáil ar shuíomhanna Gréasáin Éireannacha ón mbliain 2011 go dtí an lá atá inniu ann agus cuirtear an t-ábhar sin ar fáil go hoscailte. Is é atá ar fáil sa bhailiúchán digitghinte sin cheana féin ná suíomhanna Gréasáin nach bhfuil ann ar líne a thuilleadh. Dá bhrí sin, is againne an t-aon taifead amháin go raibh siad ann. Sa bhliain 2016, chuamar i mbun ár dtionscadail chartlannaithe Gréasáin is mó riamh, ba é sin: breis agus 400 suíomh Gréasáin a bhaineann le comóradh Éirí Amach na bliana 1916 a bhailiú agus a chaomhnú.

Le linn shaolré na straitéise seo, triailfimid bealaí nua chun formáidí difriúla comhaid dhigitigh a bhailiú, lena n-áireofar dréachtaí agus foilseacháin liteartha leictreonacha, grianghraif dhigiteacha agus ríomhphoist. Oibreoimid chun cuimhne dhigiteach na hÉireann a chaomhnú agus úsáidfimid cineálacha nuálacha cur chuige i leith ár mbailiúcháin dhigiteacha a chur i láthair daoine ar fud an domhain agus iad a chomhroinnt leo.

D'fhonn bheith ar thús cadhnaíochta ábhar digiteach a bhailiú agus a sholáthar, déanfaimid na nithe seo:

- ár dtaifid shaibhre uathúla a dhigitiú do Dheich mBliana na gCuimhneachán mar chuid de mhórchlár rochtana ar líne.
- cineálacha nua cur chuige a chur chun feidhme i leith ábhar digitghinte a bhailiú d'Éirinn.
- triail a bhaint as cineálacha nuálacha rannpháirtíochta lenár mbailiúcháin ar líne agus fhisiciúla.

Cruthóimid deiseanna chun ár dtionchar a uasmhéadú

Carole Budd Cullen i dteannta a Oirircis Dominick Chilcott, iar-Ambasadóir na Breataine in Éirinn, ag an seoladh taispeántais a reáchtáladh i gcomhpháirt le hAmbasáid na Breataine.

5. COMHOIBRIÚ

Is é traidisiún comhoibrithe agus comhpháirtíochta na Leabharlainne Náisiúnta atá taobh thiar de roinnt de na héachtaí is suntasaí atá bainte amach againn.

Thar na deich mbliana atá thart, tá obair déanta againn le níos mó ná céad comhpháirtí chun níos mó a bhaint amach le chéile ná a d'fhéadfaimis a bhaint amach inár n-aonar. Agus sinn ag obair i gcomhpháirt le hollscoileanna agus le heagraíochtaí scolártha agus oidhreachta eile, tá deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil cruthaithe againn, tá saineolas comhroinnte againn i dtionscnaimh dhomhanda amhail an Chomh-ghuaillíocht Sonraí Taighde, agus tá samhlacha nua sainaitheanta againn le haghaidh catalógú a dhéanamh ar bhailiúcháin luachmhara taighde amhail cartlann scannán Liam O'Leary i gcomhar le hInstitiúid Scannán na hÉireann. I measc na gcomhthionscadal mór a rachaimid ina mbun thar an gcéad chúig bliana eile, tá an obair a dhéanfaimid i gcomhpháirt leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar Ionad Ulysses agus taispeántas Shéamus Heaney a chruthófar i mBanc na hÉireann, Faiche an Choláiste, rud a bhfuiltear ag súil go mór leis.

I ngach cás, cuireann obair chomhoibríoch leis an tionchar is féidir linn a imirt agus leis an líon daoine ar féidir linn dul i gcion orthu. Chuamar i gcion ar scoileanna agus ar dhaltaí ar fud an oileáin tríd an gcomórtas Filíocht os Ard, agus sinn ag obair i gcomhpháirt le hÉigse Éireann. Chomh maith leis sin, is le hurraíocht sheachtrach a thacaítear le taispeántais amhail Éire le linn an Chogaidh Dhomhanda agus is le hinfheistíocht dhaonchairdiúil i sraith uathúil léachtaí a chuirtear lenár gclár imeachtaí. Bítear in ann míreanna nua a cheannach trí shocruithe cistiúcháin mheaitseála agus trí bhronntanais fhiala. Cuireann comhpháirtithe amhail Institiúid Chultúrtha Google ár n-ábhar ar fáil do dhaoine ar fud an domhain agus tugann ár bpobal tiomanta ar líne tuilleadh faisnéise dúinn faoinár mbailiúcháin trí thionscnaimh shlua-chistiúcháin.

D'fhonn deiseanna a chruthú chun ár dtionchar a uasmhéadú, déanfaimid na nithe seo:

- comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus taighde a fhorbairt ar leibhéil réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- bronntóirí agus infheisteoirí nua a mhealladh chun ár mbonn tacaíochta a fhorbairt.
- triail a bhaint as samhlacha nua cistiúcháin chun seirbhísí nua a fhorbairt, míreanna nua a cheannach agus taispeántais a chur ar siúl.

An straitéis a bhaint amach

Is ionann leabharlann náisiúnta agus an léiriú fisiciúil ar an meas atá ag tír ar a hoidhreacht chultúrtha, liteartha agus stairiúil. Ba ag bunaitheoirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bhí an fhadbhreathnaitheacht chun ceann de na forais chultúir is tábhachtaí in Éirinn a bhunú agus, a bhuí leis an straitéis seo, beimid in ann cur lena bhfuil fágtha acu ina ndiaidh.

Beidh sé dúshlánach na cuspóirí atá leagtha amach sa straitéis seo a chomhlíonadh, go háirithe mar gheall ar na laghduithe atá déanta ar bhuiséad na Leabharlainne ón ngéarchéim gheilleagrach sa bhliain 2008 i leith. Tá ag éirí leis an Leabharlann líon méadaitheach cuairteoirí a mhealladh agus rath a bhaint amach i gcuid mhór réimsí ó shin i leith, áfach. Leanfaimid ar aghaidh le luach ár gcuid oibre a chur in iúl agus a thaispeáint chun cabhrú leis an gcistiú poiblí atá taobh thiar de gach a ndéanaimid a áirithiú.

Is gá do leabharlanna eile an rud céanna a dhéanamh. Agus iad faoi réir airgeadas teoranta poiblí, bíonn leabharlanna náisiúnta ar fud na hEorpa ag déileáil le dúshláin nua agus bíonn siad ag forbairt réitigh ar an méid sin trí leas a bhaint as cineálacha éifeachtúla nuálacha cur chuige chun seirbhísí poiblí a sholáthar. An croíchistiú a fhaighimid ón Rialtas agus an cistiú caipitil atá geallta chun ár bpríomhfhoirgneamh leabharlainne a fhorbairt, beidh siad ina bpríomhthosca taobh thiar den straitéis seo a bhaint amach.

Gné riachtanach eile atá taobh thiar den straitéis a bhaint amach is ea ár bhfoireann, a bhfuil a saineolas agus a scileanna mar chuid lárnach de staid na Leabharlainne sa lá atá inniu ann. Leanfaimid ar aghaidh lenár bhfoireann a fhorbairt, agus le tacaíocht a thabhairt dóibh, ionas gur féidir leo an caighdeán is fearr seirbhíse a sholáthar dár n-úsáideoirí go léir agus traidisiún dea-aitheanta fáilte na Leabharlainne a fheabhsú.

Is tábhachtach dúinn atá ár líonraí agus ár gcomhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta toisc gur féidir linn níos mó a bhaint amach le chéile ná a d'fhéadfaimis a bhaint amach inár n-aonar. Táimid ag tnúth lenár gcomhpháirtíochtaí a neartú agus a shaothrú agus le hobair a dhéanamh le comhpháirtithe is leabharlanna as gach cearn d'Éirinn ar phleananna le haghaidh stór náisiúnta comhoibríoch leabharlainne, ar straitéis sonraí oscailte, agus ar thionscnaimh eile.

Beodhoiciméad lena dtreorófar ár gcuid oibre sa tréimhse 2016-2021 is ea an plean straitéiseach seo. Tomhaisfimid ár bhfeidhmíocht in aghaidh na dtosaíochtaí atá leagtha amach againn anseo agus tabharfaimid tuairisc do Bhord na Leabharlainne Náisiúnta agus sna Tuarascálacha Bliantúla uainn ar an dul chun cinn atá déanta againn ina leith. Chomh maith leis sin, déanfaimid athbhreithniú ar an straitéis seo gach bliain chun a chinntiú go mbíonn sí uaillmhianach agus réadúil agus go mbíonn sí ina léiriú oiriúnach ar thosaíochtaí na Leabharlainne Náisiúnta.

Tá deis ollmhór againn anseo. Má chomhlíonaimid aidhmeanna na straitéise seo, beimid in ann neartú a dhéanamh ar an méid a chuirimid le cultúr, le foghlaim agus le sochaí na hÉireann agus féachfar orainn mar Leabharlann Náisiúnta eiseamláireach d'Éirinn san 21ú haois.

An Dr Sandra Collins, Stiúrthóir an NLI, os comhair taispeáint ábhair ó Bhailiúcháin Speisialta na leabharlainne.
Grianghrafadóir: Clodagh Kilcoyne

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland

www.nli.ie

Íomhá chlúdaigh © Cahir Davitt / Davitt Photography